Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

10542/21
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0114(COD)

TRANS 459
FISC 116
ENV 484
CODEC 1046

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid<br>– Dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún Eorpach an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 1 Meitheamh 2017 mar chuid den Chéad Phacáiste Soghluaisteachta.

2. Leis an togra seo, modhnaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma[1] (‘Treoir 1999/62/CE’ anseo feasta), d’fhonn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, le maoiniú an bhonneagair bóithre agus le brú tráchta.

3. D’ainmnigh Parlaimint na hEorpa a Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (Coiste TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra sin agus Christine Revault d’Allonnes Bonnefoy mar rapóirtéir don 8ú téarma parlaiminteach.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an 529ú seisiún iomlánach, an 18 Deireadh Fómhair 2017. Ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim ag an 127ú seisiún iomlánach an 1 Feabhra 2018.

---

[1] IO L 187, 20.7.1999.

5. An 25 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh.

6. Tar éis na dtoghchán parlaiminteach in 2019, ainmníodh Giuseppe Ferrandino mar rapóirtéir don 9ú téarma parlaiminteach.

7. Ghlac Coiste TRAN cinneadh an 24 Meán Fómhair 2019 dul i mbun cruinnithe tríthaobhacha polaitiúla neamhfhoirmiúla, bunaithe ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.

8. Ag an gComhairle, chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre an 1 Meitheamh 2017 le cur i láthair ginearálta ar an togra. An 21 Meitheamh 2017, rinneadh anailís ar an measúnú tionchair.

9. Thionóil an Chomhairle (ITF, Iompar) a céad díospóireacht bheartais maidir leis an togra an 5 Nollaig 2017[2].

10. Ó shin i leith, pléadh an togra arís is arís eile agus tá a lán oibre déanta.

11. An 18 Nollaig 2020, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an sainordú a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 13827/20, lenar ceadaíodh tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

12. Idir Eanáir agus Meitheamh 2021, tionóladh líon suntasach cruinnithe ar leibhéal na Meithle um Iompar de Thalamh agus Choiste na mBuanionadaithe chun ullmhú don chaibidlíocht agus chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

13. Rinneadh trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha polaitiúla neamhfhoirmiúla le Parlaimint na hEorpa a chur ar bun an 29 Eanáir, an 23 Márta agus an 15 Meitheamh 2021, in éineacht le roinnt cruinnithe teicniúla, rud a chuir ar chumas na gcomhreachtóirí an bhearna idir a seasaimh a laghdú agus teacht ar chomhaontú polaitiúil ar an gcaoi sin.

14. An 30 Meitheamh 2021, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs comhréitigh sealadach d'fhonn teacht ar chomhaontú[3].

[2] Tagairt 14426/17.
[3] Tagairtí 9960/21 agus 9960/19 COR 1.

15. An 14 Iúil 2021, chuir Coiste TRAN, ar Coiste de chuid Pharlaimint na hEorpa é, litir[4] chuig Uachtarán Choiste na mBuanionadaithe á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an téacs a ghabh leis an litir sin, go molfadh sí do chomhaltaí Choiste TRAN agus don seisiún iomlánach ina dhiaidh sin glacadh leis an seasamh ón gComhairle gan aon leasú, faoi réir fíorú dlí/teanga, ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa.

16. An 9 Samhain 2021, táthar ag súil go nglacfaidh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra sin, seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 10542/21.

## II. CUSPÓIR

17. Leis na leasuithe ar Threoir 1999/62/CE a leagtar amach sa togra ón gCoimisiún Eorpach, díríodh ar dhlús a chur le dícharbónú iompair de bhóthar. Dhírigh siad go príomha ar na nithe seo a leanas:

- raon feidhme na rialacha maidir le muirearú a leathnú chuig busanna agus cóistí, chuig trucailí idir 3.5 agus 12 tona agus, go pointe áirithe, chuig feithiclí saothair éadroim lena n-áirítear gluaisteáin paisinéirí;
- deireadh a chur de réir a chéile le córais muirearaithe ambhunaithe (na 'greamáin' mar a thugtar orthu) le haghaidh feithiclí tromshaothair agus saothair éadroim;
- cur i bhfeidhm éigeantach muirir costas seachtrach ar fheithiclí tromshaothair ar na codanna sin den ghréasán ina mbeadh damáiste suntasach don chomhshaol arna ghiniúint ag feithiclí den sórt sin, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais chun muirir den sórt sin a thobhach;
- praghsanna a dhifreáil bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$ seachas ar aicmiú astaíochtaí Euro; agus
- ioncam a ghintear ó mhuirir brú tráchta, nó a gcoibhéis i luach airgeadais, a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an bhrú tráchta.

---

4 Tagairt IM 010110 2021. Tabhair do d'aire, mar gheall ar phaindéim COVID-19, nár seoladh an leagan páipéir den litir tríd an ngnáthphost.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Nóta ginearálta

18. Léirítear go hiomlán sa téacs comhréitigh arna dheimhniú ag an gComhairle an 9 Samhain 2021 an comhaontú polaitiúil ar ar tháinig na comhreachtóirí. Coimeádtar leis freisin príomhchuspóirí an togra ón gCoimisiún Eorpach agus, ag an am céanna, léiríonn sé cothromaíocht idir na leasuithe is tábhachtaí a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus sainordú na Comhairle.

19. Ar an gcéad léamh, ghlac Parlaimint na hEorpa thart ar 130 leasú, a ndearnadh anailís orthu roinnt uaireanta ar leibhéal na Meithle um Iompar de Thalamh. Ón tús, bhí an chuma ar an scéal go raibh seasaimh an dá chomhreachtóir an-éagsúil maidir le go leor forálacha, lena n-áirítear na cinn is conspóidí, amhail deireadh a chur de réir a chéile le muirir ar úsáideoirí. Mar sin féin, tar éis dianchaibidlíocht ar an leibhéal polaitiúil agus teicniúil araon, thángthas ar chóineasú idir an dá chomhreachtóir ar deireadh.

### B. Na príomh-shaincheisteanna

20. Ar an iomlán, urramaíonn na modhnuithe ar an togra ón gCoimisiún Eorpach a chuspóirí uileghabhálacha maidir leis an méid a leanas:

- cur i bhfeidhm na bprionsabal 'íoc mar a úsáidtear' agus 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' a neartú;
- rannchuidiú cuí a dhéanamh le maoiniú an bhonneagair bóithre;
- aghaidh a thabhairt ar a mbrú tráchta;
- dlús a chur le dícharbónú iompair; agus
- rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach.

21. Ag an am céanna, d'aimsigh na comhreachtóirí an chothromaíocht cheart idir an uaillmhian a mhéid a bhaineann leis na spriocanna thuasluaite agus an gá atá lena áirithiú go mbeidh an creat rialála infheidhme go héasca ag an earnáil nó ag na húdaráis agus go mbeidh sé solúbtha go leor chun go mbeidh na Ballstáit in ann na córais muirearaithe is oiriúnaí a roghnú, gan ualaí riaracháin gan údar a chruthú.

22. Go sonrach, is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhathruithe i gcomparáid leis an mbuntogra ón gCoimisiún Eorpach mar a leanas:

a) leathnaíodh liosta na sainmhínithe in Airteagal 2, agus roinnt sainmhínithe nua á gcur leis (e.g. 'mótarcharbhán', 'veain', 'feithicil atá saor ó astaíochtaí') agus roinnt eile á ndéanamh níos soiléire nó níos sonraí (e.g. 'feithicil tromshaothair', 'feithicil saothair éadroim', 'socrú dola nó muirearaithe arna leasú go substaintiúil');

b) Rinneadh athbhreithniú ar Airteagal 7, an fhoráil lárnach lena sainmhínítear prionsabail ghinearálta an mhuirearaithe, ionas go bhféadfar:

- muirir a ghearradh ar fheithiclí - bídís ina bhfeithiclí saothair éadroim nó tromshaothair nó ina gcineálacha feithiclí laistigh de na catagóirí sin - go neamhspleách ar a chéile. Mar sin féin, i gcás ina ngearrtar muirir ar ghluaisteáin paisinéirí, ní mór feithiclí tráchtála éadroma a mhuirearú freisin ar leibhéal atá comhionann nó níos airde;
- Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh *status quo* na gconarthaí lamháltais atá ann cheana a choimeád, agus gan na rialacha nua maidir le muirir a chur i bhfeidhm go dtí go ndéanfar an conradh a athnuachan nó an socrú dola nó muirearaithe a leasú go suntasach;
- Is féidir leis na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le dolaí laghdaithe nó muirir laghdaithe ar úsáideoirí nó díolúintí ón oibleagáid dolaí nó muirir ar úsáideoirí a íoc i gcásanna sonracha (e.g. i gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha ag a bhfuil mais uasta ualaithe atá incheadaithe go teicniúil suas le 4.25 tonna);

- cuirfear deireadh de réir a chéile le muirir ar úsáideoirí le haghaidh feithiclí tromshaothair ar chroíghréasán TEN-T laistigh d’ocht mbliana ó theacht i bhfeidhm na treorach. Mar sin féin, is féidir le Ballstáit a chuireann córas comhchoiteann muirear ar úsáideoirí i bhfeidhm (e.g. ‘Conradh Eoraifínéad’) dhá bhliain sa bhreis a ghlacadh chun an córas sin a oiriúnú nó chun scor de. De mhaolú ar an bprionsabal ginearálta go gcuirfí deireadh le muirir de réir a chéile, ceadaítear díolúintí i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún faoin scéim;

- tá dhá chlásal athbhreithnithe san Airteagal (in éineacht le hAirteagal 7a) anois lena gceadaítear don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht na treorach maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí saothair éadroim chomh maith lena indéanta atá sé, ar bhonn teicniúil agus dlíthiúil idirdhealú a dhéanamh idir an chóir a chuirtear ar fheithiclí tráchtála éadroma.

c) le foráil nua, Airteagal 7aa, leagtar síos anois an ‘córas muirearaithe comhcheangailte’ mar a thugtar air. Foráiltear leis an Airteagal seo go bhféadfaidh na Ballstáit a chuireann dolaí i bhfeidhm ar a gcroíghréasán TEN-T nó ar chuid de roimh dháta theacht i bhfeidhm na treorach, córas muirearaithe comhcheangailte a bhunú le haghaidh na bhfeithiclí tromshaothair uile nó le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí tromshaothair. Laistigh den chóras sin, ní mór na muirir ar úsáideoirí a athrú de réir astaíochtaí $CO_2$ na feithicle agus de réir aicme astaíochta Euro na feithicle;

d) rinneadh coigeartuithe beaga in Airteagal 7a ar chomhréireacht na muirear ar úsáideoirí i gcás gluaisteáin paisinéirí. Ina theannta sin, de réir na forála sin, ní mór úsáid an bhonneagair a chur ar fáil ar feadh lae, agus ar feadh seachtaine nó deich lá nó an dá thréimhse sin. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur leis an muirear úsáideora laethúil chun críoch idirthurais amháin. Má shocraíonn na Ballstáit muirir éagsúla le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma agus le haghaidh gluaisteáin paisinéirí, beidh na rátaí muirir d’fheithiclí tráchtála éadroma níos airde ná na rátaí do ghluaisteáin paisinéirí;

e) maidir le costais sheachtracha d'fheithiclí tromshaothair a inmheánú, fágann Airteagail 7ca agus 7cb go bhfuil sé éigeantach costais sheachtracha a mhuirearú anois ar thruailliú aeir, tar éis idirthréimhse ceithre bliana, i gcás ina gcuirtear dolaí i bhfeidhm. Mar sin féin, beidh an rogha ag na Ballstáit gan an muirear costas seachtrach a chur i bhfeidhm le haghaidh truailliú aeir, i gcás iarmhairtí neamhbheartaithe a bhaineann le hatreorú tráchta, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún. Tá an muirearú éigeantach sin gan dochar do rogha na mBallstát muirear costas seachtrach a chur i bhfeidhm ar aon nós maidir le hastaíochtaí $CO_2$. Mar sin féin, beidh cead ag an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus éifeachtacht muirearú costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$;

f) maidir le muirearú roghnach:

- leagtar síos anois in Airteagal 7da go bhfuil an t-ioncam a ghintear ó mhuirir brú tráchta (roghnacha), nó a gcoibhéis i luach airgeadais an ioncaim sin, le húsáid chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an bhrú tráchta nó chun iompar inbhuanaithe agus an tsoghluaisteacht i gcoitinne a fhorbairt. I gcás ina leithdháiltear ioncam den sórt sin ar an mbuiséad ginearálta, measfar go mbeidh an oibleagáid comhlíonta ag na Ballstáit, má chuireann siad beartais tacaíochta airgeadais chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an bhrú tráchta nó chun iompar inbhuanaithe agus an tsoghluaisteacht i gcoitinne a fhorbairt arb ionann a luach agus an t-ioncam a ghintear ó mhuirir brú tráchta; agus

- le hAirteagal 7f, leagtar síos anois, má chinneann dhá Bhallstát nó níos mó uasmharcáil a chur i bhfeidhm sa chonair chéanna, go bhféadfaidh an uasmharcáil dul thar 25 % (ach ní 50 %), i gcás ina gcomhaontaíonn na Ballstáit go léir atá mar chuid den chonair sin agus atá mar chomharsa ag na Ballstáit ar ina gcríoch a bhfuil an chuid den chonair ina gcuirfear an uasmharcáil i bhfeidhm, agus sa chás sin amháin;

g) maidir le héagsúlachtaí atá bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$ agus ar fheidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí:

- le foráil nua, Airteagal 7ga, tugtar isteach $CO_2$ i liosta na gcostas inmhuirearaithe, i gcomhréir le cuspóirí aeráide. Ceanglaítear ar na Ballstáit leis an bhforáil sin bonneagar agus muirir ar úsáideoirí le haghaidh feithiclí tromshaothair a athrú bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$. I dtús báire, níor cheart feidhm a bheith ag an scéim ach amháin maidir leis na trucailí is mó, ach dhéanfaí í a leathnú de réir a chéile chun cineálacha eile feithiclí tromshaothair a chuimsiú agus dhéanfaí í a chur in oiriúint go rialta don dul chun cinn teicneolaíoch. Chomh maith leis sin, beidh na Ballstáit in ann cóir fhabhrach a thabhairt d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha, chun ceannach feithiclí ar den aicme is fearr iad a spreagadh. Mar sin féin, áirítear san fhoráil nua coimircí chun cúiteamh dúbailte i gcás feithiclí hibrideacha agus forluí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí eile praghsála carbóin a sheachaint; agus

- le hAirteagal 7gb fágtar lánrogha anois ag na Ballstáit maidir le dolaí agus muirir ar úsáideoirí le haghaidh feithiclí saothair éadroim a dhifreáil de réir fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle. Mar sin féin, ceanglaítear leis an bhforáil seo athrú éigeantach ar dholaí agus ráta bliantúil na muirear ar úsáideoirí le haghaidh veaineanna agus mionbhusanna, de réir fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle, amhail ó 2026, i gcás ina gcuirtear dolaí nó muirir ar úsáideoirí i bhfeidhm agus nuair is indéanta go teicniúil;

h) rinneadh coigeartuithe ar Airteagal 11, a mhéid a bhaineann leis an gcineál faisnéise a bheidh le cur ar fáil sa tuarascáil a cheanglaítear ar na Ballstáit a phoibliú i bhfoirm chomhiomlán agus a mhinice a fhoilseofar í (i.e. ní mór an tuarascáil a tharraingt suas faoi thrí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na treorach agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin);

i) in Airteagal 4 den treoir leasaitheach leagtar síos tréimhse thrasuite dhá bhliain; agus

j) rinneadh athbhreithniú ar na hiarscríbhinní a mhéid a bhaineann le huasmhéideanna muirear ar úsáideoirí, íoscheanglais agus luachanna tagartha na muirear costas seachtrach, íoscheanglais agus luachanna tagartha na muirear brú tráchta agus na gcritéar feidhmíochta astaíochtaí do thruailleáin d'fheithiclí saothair éadroim.

## IV. CONCLÚID

23. Cuireann an seasamh ón gComhairle i dtreis príomhchuspóirí an togra ón gCoimisiún Eorpach agus déantar an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, a léiriú go hiomlán leis.

24. Dearbhaíodh an comhréiteach sin i litir ó Chathaoirleach Choiste TRAN de chuid Pharlaimint na hEorpa chuig an Uachtaránacht agus dar dáta an 14 Iúil 2021; meastar go nglacfaidh an Chomhairle (ECOFIN) ina dhiaidh sin é an 9 Samhain 2021 mar sheasamh ar an gcéad léamh.'.